2024/1232

8.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1232 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Márta 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le measúnuithe ar staid chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha agus maidir leis an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2371, leagtar síos na sásraí agus na struchtúir chun ullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhordú, lena n-áirítear tuairisciú ar phleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha.

(2) De bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil nuashonraithe ar fáil don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha agus cur chun feidhme na bpleananna ar an leibhéal náisiúnta, agus, i gcás inarb iomchuí, ar na leibhéil idir-réigiúnacha thrasteorann faoin 27 Nollaig 2023 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Tá an fhaisnéis sa tuarascáil sin le bailiú trí fhreagraí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as an teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808 ón gCoimisiún ([2]) agus sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) chun an fhaisnéis sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/2371. Beidh na measúnuithe sin bunaithe ar thacar táscairí a comhaontaíodh agus déanfar iad i gcomhar le gníomhaireachtaí nó comhlachtaí ábhartha an Aontais agus dírítear leis na measúnuithe ar mheasúnú a dhéanamh ar phleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/2371.

(3) Ba cheart nós imeachta measúnaithe ECDC a eagrú ina chéimeanna, agus ba cheart athbhreithniú deisce agus cuairt tíre a áireamh ann, agus tuarascáil mheasúnaithe ECDC ina dhiaidh sin. A mhéid a chumhdaíonn na measúnuithe réimsí laistigh de shainchúram an Choimisiúin nó gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE, ba cheart do ECDC comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún nó leis na gníomhaireachtaí AE sin. Féadfaidh ECDC tacaíocht a lorg ó Oifig Réigiún Eorpach na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus ó shaineolaithe ó Bhallstáit eile ar chomhaontú leis an mBallstát measúnaithe.

(4) Ba cheart na caighdeáin agus na critéir atá le húsáid le haghaidh mheasúnú ECDC a bheith bunaithe ar na hacmhainní dá dtagraítear sa teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808. Tá gá leis na hacmhainní sin chun pleanáil leormhaith choisc, ullmhachta agus freagartha a áirithiú.

([1]) IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2023 lena leagtar amach an teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 234, 22.9.2023, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1808/oj).

(5) Agus a mheasúnuithe á ndéanamh aige, ba cheart do ECDC na critéir a úsáid a ghabhann leis na leibhéil tháscairí ghaolmhara agus na freagraí ar na ceisteanna oscailte a sholáthraítear sa teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808.

(6) Ba cheart cur chuige cáilíochtúil a bheith ag measúnuithe ECDC maidir le staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus maidir leis an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais,

(7) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2022/2371, cuirfidh ECDC moltaí faoi bhráid na mBallstát agus an Choimisiúin bunaithe ar a mheasúnuithe ar na caighdeáin agus ar na critéir, arna ndíriú ar na Ballstáit agus imthosca náisiúnta faoi seach á gcur san áireamh. Féadfaidh gníomhaíochtaí leantacha molta ón mBallstát a bheith sna moltaí sin. Tabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar na moltaí sin i bplean gníomhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo nósanna imeachta, caighdeáin agus critéir maidir leis an measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus maidir leis an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais.

Airteagal 2

Nósanna imeachta

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na nósanna imeachta maidir leis an measúnú a dhéanfaidh ECDC ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus maidir leis an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais.

Airteagal 3

Caighdeáin agus critéir

Déanfaidh ECDC measúnú ar staid chur chun feidhme phleananna coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais de réir na gcaighdeán agus ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais

Cuirfidh ECDC tús le nósanna imeachta measúnaithe le réamhphlé ginearálta le gach Ballstát. Eagrófar an nós imeachta measúnaithe ina chéimeanna, lena n-áireofar athbhreithniú deisce agus cuairt tíre, agus tuarascáil mheasúnaithe ECDC ina dhiaidh sin, a bhféadfaidh moltaí a áireamh ann. A mhéid a chumhdaíonn na measúnuithe réimsí laistigh de shainchúram an Choimisiúin nó gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE, comhoibreoidh ECDC go dlúth leis an gCoimisiún nó leis na gníomhaireachtaí AE sin. Féadfaidh ECDC tacaíocht a lorg ó Oifig Réigiún Eorpach na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus ó shaineolaithe ó Bhallstáit eile ar chomhaontú leis an mBallstát measúnaithe.

Cuimseofar san athbhreithniú deisce bailiú doiciméad ábhartha agus anailís orthu roimh phlé na saineolaithe.

Áireofar sa chuairt tíre plé le saineolaithe agus le geallsealbhóirí ábhartha an Bhallstáit mheasúnaithe chun imscrúdú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha ar bhonn tuarascálacha arna soláthar de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/2371 agus ar bhonn an athbhreithnithe deisce. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis bhreise a sholáthar le linn an mheasúnaithe.

Beidh an chuairt tíre struchtúrtha ina dhá cuid:

(a) plé tosaigh lena gcumhdaítear na hacmhainní uile dá dtagraítear sa teimpléad chun faisnéis a sholáthar maidir le pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808;

(b) an dara cuid a dhíríonn ar acmhainneachtaí sonracha, a d'fhéadfadh a bheith difriúil i ngach timthriall, ag cur cúinsí náisiúnta faoi seach san áireamh.

Soláthrófar i dtuarascáil mheasúnaithe ECDC forbhreathnú ar phleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha gach Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar thoradh an phróisis athbhreithnithe deisce, ar an gcuairt tíre agus ar fhaisnéis eile a chuir na Ballstáit ar fáil le linn an phróisis mheasúnaithe, agus ar an gcaoi sin cuirfear na caighdeáin agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn II i bhfeidhm.

Roinnfidh ECDC réamhthuarascáil mheasúnaithe leis an mBallstát measúnaithe agus breithneoidh sé barúlacha an Bhallstáit agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh á hullmhú aige. Is faoi rogha an Bhallstáit mheasúnaithe a fhágfar an cinneadh tuarascáil mheasúnaithe ECDC a nochtadh go hiomlán nó go páirteach.

IARSCRÍBHINN II

Caighdeáin agus critéir chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais

Tá na caighdeáin agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais liostaithe sa tábla thíos. Beidh cur chuige cáilíochtúil ag measúnuithe ECDC maidir le staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus maidir leis an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais.

Tá na caighdeáin agus na critéir bunaithe ar na hacmhainní a leagtar amach sna Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) agus ar na hacmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuirtear isteach mar chuid d'Uirlis Tuairiscithe Bhliantúil Féinmheasúnaithe an Stáit (SPAR). Úsáideann na Ballstáit SPAR chun tuairisciú a dhéanamh ar chroí-acmhainneachtaí maidir le faireachas agus freagairt ar chur chun feidhme Airteagal 54 de na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005). Déantar na caighdeáin a ghrúpáil trí thagairt a dhéanamh do na hacmhainní a leagtar amach i Ranna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1808. Déanfaidh ECDC measúnú ar a mhéid a cuireadh na critéir chun feidhme i bpleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu leis an tuairisciú faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/2371 trí úsáid a bhaint as na leibhéil thráscairí ghaolmhara agus as na freagraí ar na ceisteanna oscailte a chuirtear ar fáil sa teimpléad.

Tábla

Caighdeáin agus critéir chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha na mBallstát agus ar an mbaint atá acu le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
A. ACMHAINNEACHTAÍ NA RIALACHÁN SLÁINTE IDIRNÁISIÚNTA (IHR) 2005		
1a. Ionstraimí beartais, dlí agus normatacha chun na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) 2005 a chur chun feidhme	1a.1 Ionstraimí beartais, dlí agus normatacha maidir le pleanáil ullmhachta agus freagartha	1a.1.1 Anailís dhlíthiúil a dhéanamh ar ionstraimí agus ar bheartais dhlíthiúla agus normatacha le haghaidh chur chun feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta 1a.1.2 Comhordú a ionchorprú ar fud leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla 1a.1.3 Comhordú leis na hearnálacha atá freagrach as bonneagar criticiúil a chur san áireamh sna hionstraimí dlí 1a.1.4 Comhordú agus comhar a ionchorprú ag comhéadan an Aontais náisiúnta 1a.1.5 Próiseas cinnteoireachta soiléir a chur san áireamh le linn éigeandálaí sláinte poiblí 1a.1.6 Ullmhacht oibríochtúil ionstraimí agus bheartais dhlíthiúla agus normatacha a mheas agus a thástáil, lena n-áirítear bearnaí a shainaithint 1a.1.7 Sásra a chur san áireamh chun ionstraimí dlí a athbhreithniú lena n-áirítear gach leibhéal rialtais
	1a.2 Comhionannas inscne in éigeandáil sláinte	1a.2.1 Measúnú córasach a dhéanamh ar chomhionannas inscne 1a.2.2 Plean gníomhaíochta a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus neamhionannais inscne, plean a mhaoinítear agus a bhfuil sásraí i bhfeidhm aige chun faireachán, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh
1b. Comhordú IHR, feidhmeanna pointe fócais náisiúnta IHR agus abhcóideacht	1b.1 Sásraí le haghaidh chur chun feidhme IHR	1b.1.1 Pointí fócasacha náisiúnta IHR maidir le hacmhainní cuí a fháil, a shuíomh, a thástáil go rialta agus a nuashonrú 1b.1.2 Sásraí comhordaithe ilearnálacha a chur san áireamh ar fud leibhéil riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 1b.1.3 Sásraí abhcóideachta atá i bhfeidhm ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta a chur san áireamh

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
2. Maoiniú	2.1. Maoiniú le haghaidh chur chun feidhme IHR	2.1.1. Pleanáil airgeadais a chur san áireamh ar gach leibhéal riaracháin lena mbaineann gach earnáil ábhartha 2.1.2 An cumas a bheith ann chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do thíortha eile 2.1.3 Sásraí faireacháin agus cuntasachta a ionchorprú
	2.2. Acmhainní airgeadais chun freagairt d'éigeandáil sláinte poiblí	2.2.1 Pleanáil airgeadais a ionchorprú ar gach leibhéal riaracháin 2.2.2 Tástálacha rialta a dhéanamh ar acmhainní airgeadais le haghaidh cistiúchán teagmhasach agus moltaí chun feabhais a chur chun feidhme 2.2.3 An cumas a bheith ann chun tacaíocht airgeadais a thairiscint do thíortha eile
	2.3. Beartais agus gníomhaíochtaí a chomhordú i gcás éigeandáil sláinte poiblí	2.3.1 Nósanna imeachta a bheith ann a bhaineann leis an Aireacht Sláinte agus leis an Aireacht Airgeadais
3. Saotharlann	3.1 Córas atreoraithe agus iompair eiseamail	3.1 Córas atreoraithe agus iompair a bheith ann do gach cineál eiseamail ar gach leibhéal riaracháin 3.2 An córas iompair a thástáil agus a nuashonrú
	3.2 Bithsháibháilteacht agus bithshlándáil	3.2.1 Treoirlínte a chur san áireamh i ngach saotharlann ar gach leibhéal riaracháin 3.2.2 Na nósanna imeachta a thástáil agus a nuashonrú go rialta 3.2.3 Rochtain a bheith ar shaotharlanna ardrialaithe
	3.3 Córas cáilíochta	3.3.1 Caighdeáin cháilíochta náisiúnta a chur chun feidhme ar gach leibhéal riaracháin 3.3.2 Na nósanna imeachta a thástáil agus a nuashonrú go rialta 3.3.3 Saoráid a bheith ann atá tiomnaithe d'fheistí nua a bhailíochtú le haghaidh diagnóis nua phataiginí
	3.4 Acmhainneacht tástála	3.4.1 Córas saotharlainne a bheith ann ar féidir leis feidhmiú i ngach acmhainneacht, lena n-áirítear tréithriú pataigin nua le Seicheamhú den Chéad Ghlúin Eile 3.4.2 Plean a chur san áireamh chun acmhainneachtaí tástála a mhéadú i gcás éigeandáil sláinte poiblí, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 3.4.3 Am iomchuí a bheith ann chun tástálacha nua bunaithe ar aimpliúchán aigéid núicléasaigh (NAATanna) a chur chun feidhme le hacmhainneacht méadaithe seirbhísí tástála NAAT diagnóiseacha agus córais saotharlainne ghaolmhara a oiriúnú 3.4.4 Rochtain a bheith ar fhoinsí breise acmhainneachta saotharlainne 3.4.5 Líonra saotharlainne a chumrú chun tacú leis na riachtanais tástála, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta
	3.5 Líonra diagnóiseach	3.5.1 Straitéisí tástála a chur chun feidhme ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta
	3.6 Córas tuairiscithe torthaí tástála saotharlainne	3.6.1 Córas tuairiscithe leictreonach a chur san áireamh 3.6.2 Cumas a bheith ann chun an córas tuairiscithe a mhéadú 3.6.3 Foinsí éagsúla acmhainneachtaí saotharlainne a chomhtháthú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
4. Faireachas	4.1 Feidhmeanna faireachais luathrabhaidh agus córas faireachais	4.1.1 Gach leibhéal cúraim sláinte a chlúdach maidir le géar-ionfhabhtuithe riospráide 4.1.2 Córas faireachais uathoibrithe a bheith ann maidir le géar-ionfhabhtú riospráide, breoiteacht cosúil leis an bhfliú agus géaranacraí riospráide 4.1.3 Tuairisciú láithreach agus seachtainiúil ar imeachtaí agus/nó sonraí a sholáthar 4.1.4 Cumas a bheith ann chun méadú le linn éigeandáil sláinte poiblí le haghaidh ionfhabhtuithe riospráide 4.1.5 Treoirlínte agus/nó nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha maidir le faireachas ar gach leibhéal riaracháin a chur san áireamh 4.1.6 Cumas a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar tháscairí ábhartha le linn éigeandáil sláinte poiblí don chríoch iomlán 4.1.7 Córas faireachais a thástáil agus a nuashonrú ar gach leibhéal riaracháin 4.1.8 Córas faireacháin fuíolluisce a bheith ann
	4.2 Measúnú ar bhagairtí paindéime agus bainistiú teagmhas	4.2.1 Modheolaíocht measúnaithe a bheith ann a bhreithníonn faisnéis maidir le hin-tarchurthacht, déine, faisnéis imdhíoneolaíoch, éifeachtacht agus tionchar vacsaíní 4.2.2 Sásra bainistithe imeachtaí a chur chun feidhme ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta
5. Acmhainní daonna	5.1 Acmhainní daonna chun IHR a chur chun feidhme	5.1.1 Acmhainní daonna iomchuí a bheith ann i ngach earnáil ábhartha ar gach leibhéal riaracháin de réir fhorálacha IHR 5.1.2 Beartais agus nósanna imeachta maidir le hacmhainní daonna iomchuí inbhuanaithe a dhoiciméadú in earnálacha ábhartha, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 5.1.3 Sásraí a chur san áireamh chun tacú le tíortha eile acmhainní daonna a phleanáil agus a fhorbairt
	5.2 Acmhainneacht borrtha a mhéadú in acmhainní daonna i gcás éigeandáil sláinte poiblí	5.2.1 Sásraí a chur san áireamh chun borradh ar acmhainní daonna a áirithiú, amhail plean straitéiseach náisiúnta um borradh ar an lucht saothair ilearnálach, lena n-áirítear ionstraim oibríochtúil lena mbreithneofar seirbhísí agus leibhéil riaracháin éagsúla 5.2.2 Comhaontú a chur san áireamh chun tacaíocht acmhainní daonna a fháil agus a mhalartú san earnáil sláinte agus comhpháirtithe rialtais agus neamhrialtais, leibhéil riaracháin éagsúla agus tíortha eile á mbreithniú 5.2.3 An sásra a thástáil agus a nuashonrú go rialta 5.2.4 Oiliúint na rannpháirtithe a áirithiú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
6a. Bainistiú ar éigeandáil sláinte – Bainistiú ar fhreagairt i dtaca le héigeandáil sláinte	6a.1 Pleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha d'éigeandálaí sláinte poiblí	6a.1.1 Plean éigeandála sláinte atá bunaithe ar riosca uileghuaiseach agus/nó plean coisc, ullmhachta agus freagartha d'éigeandálaí sláinte poiblí atá in úsáid i ngach earnáil agus ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 6a.1.2 Forálacha a chur san áireamh maidir le haistriú leighis othar agus/nó foirne leighis soghluaiste chuig tíortha eile 6a.1.3 Comhleanúnachas a lorg le plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais agus eilimintí ullmhachta trasteorann idir-réigiúnacha a áireamh 6a.1.4 Straitéis a chur san áireamh maidir le taighde agus nuálaíocht éigeandála 6a.1.5 Cur chuige One Health a chur san áireamh, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 6a.1.6 Sásra comhordúcháin a áirithiú i gcás cás scaoilte d'aon ghnó le sásraí comhordúcháin náisiúnta sonracha 6a.1.7 Róil tacaíochta, feidhmeanna agus ionstraimí an Choimisiúin agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais a bhreithniú 6a.1.8 Forálacha a chur san áireamh maidir le cabhair fhrithpháirteach trasteorann a rinneadh a thástáil agus a chomhroinnt go tráthrialta leis an gCoiste Slándála Sláinte.
	6a.2 Bainistiú ar bhagairtí sláinte sonracha – pleananna freagartha eipidéime	6a.2.1 Gnáthphróifíliú riosca éigeandála sláinte a dhéanamh maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte 6a.2.2 Pleananna sonracha maidir le próifíliú riosca éigeandála sláinte agus maidir le freagairt eipidéime a fhorbairt, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 6a.2.3 Plean a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht agus ar úsáid frithbheart leighis a bhaineann go sonrach le bagairtí a úsáidtear le haghaidh bagairtí sonracha
	6a.3 Córas Bainistíochta Teagmhas (CBT)	6a.3.1 Córas CBT nó córas coibhéiseach a bheith ann a nascann an earnáil sláinte poiblí leis na hearnálacha a bhfuil baint acu le pleanáil ullmhachta agus freagartha maidir le sláinte, a ndéantar tástáil rialta air 6a.3.2 Córas bainistithe teagmhas a chomhtháthú le lárionad náisiúnta oibríochtaí éigeandála sláinte poiblí a bhfuil an cumas acu tacú ar gach leibhéal riaracháin 6a.3.3 Comhdhéanamh ordaithe agus rialaithe/ordlathas an Chórais Bainistíochta Teagmhas a oiriúnú 6a.3.4 Idir-inoibritheacht a chur san áireamh leis an modúl um Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha le haghaidh bainistiú teagmhas agus/nó bainistiú géarchéime
	6a.4 Bearta Sláinte Poiblí agus Sóisialta (BSPS)	6a.4.1 Foráil a dhéanamh maidir le sásra ildisciplíneach agus trasearnála chun bearta sláinte poiblí agus sóisialta a chur chun feidhme le linn éigeandáil sláinte poiblí, a ndéantar meastóireacht agus tástáil rialta uirthi 6a.4.2 Cumas a bheith ann chun tráthúlacht agus éifeachtacht bearta sláinte poiblí agus sóisialta a mheas 6a.4.3 Tástáil a dhéanamh ar an sásra
6.b Bainistiú Éigeandála Sláinte – Bainistiú lóistíochta agus an tslabhra soláthair i gcás éigeandála	6b.1 Frithbhearta leighis criticiúla a éileamh agus a sholáthar	6b.1.1 Frithbhearta leighis criticiúla a shainaithint maidir le hullmhacht agus freagairt i leith bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte 6b.1.2 Córas bainistithe lóistíochta éigeandála agus an tslabhra soláthair a chur san áireamh ar fud gach leibhéal riaracháin, a ndéantar meastóireacht agus nuashonrú rialta air 6b.1.3 Beartais nó pleananna náisiúnta a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar sholáthar agus chun meastachán a dhéanamh ar éileamh ar fhrithbhearta leighis criticiúla, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 6b.1.4 Forálacha a chur chun feidhme sa phlean ullmhachta agus freagartha chun leochaileachtaí slabhra soláthair frithbheart leighis criticiúil a mhaolú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
	6b.2 Táirgeadh frithbheart leighis	6b.2.1 Táirgeadh reatha frithbheart leighis criticiúil (iomlán nó páirteach) a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta 6b.2.2 Socruithe reatha nó beartaithe a bheith ann chun monarú frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a mhéadú go tráthúil
	6b.3 Stoc-chairn straitéiseacha	6b.3.1 Stoc-chairn straitéiseacha náisiúnta frithbheart leighis a bheith ann 6b.3.2 Ionchorpraigh ceanglais shoiléire maidir le himlonnú na bhfrithbheart leighis a choinnítear laistigh den stoc-charn
7. Soláthar Seirbhíse Sláinte	7.1 Leanúnachas na seirbhíse cúraim sláinte	7.1.1 Foráil a dhéanamh maidir le measúnú fadbhreathnaitheachta ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag éigeandáil sláinte ar leanúnachas seirbhísí sláinte sa phlean coisc, ullmhachta agus freagartha nó sa doiciméad coibhéiseach 7.1.2 Plean oibríochtúil tiomnaithe a bheith ann maidir le leanúnachas na seirbhísí cúraim sláinte, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 7.1.3 Sásra a bheith ann chun faireachán a dhéanamh ar leanúnachas seirbhíse ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 7.1.4 Sásra a chur san áireamh maidir le tosaíocht/solúbthacht sholáthar na seirbhíse sláinte sa phlean oibríochtúil, a ndéantar é a thástáil go rialta 7.1.5 Comhordú maidir le bainistiú géarchéime idirdhisciplíneach a áirithiú idir gníomhaithe uile an chórais cúraim sláinte 7.1.6 Treoirlínte náisiúnta bainistithe cásanna cliniciúla a chur chun feidhme maidir le himeachtaí sláinte tosaíochta ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta
	7.2 Leanúnachas gnó do sholáthraithe cúraim sláinte	7.2.1 Treoir/moltaí náisiúnta a bheith ann maidir le pleananna leanúnachais gnó ag baint úsáid as cur chuige ilearnálach, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 7.2.2 Leibhéil láidre úsáide seirbhíse a bheith ann ar gach saoráid cúraim sláinte agus ar gach leibhéal riaracháin, agus athbhreithniú agus nuashonrú faisnéise maidir le húsáid seirbhíse a cheadú 7.2.3 A cheangal ar na hospidéil plean foláirimh agus freagartha ospidéil a bheith ann, a ndéantar é a thástáil go rialta 7.2.4 Acmhainneacht a bheith ann chun seirbhísí sláinte atá ar fáil a mhapáil i gcás éigeandáil sláinte poiblí
8. Cumarsáid maidir le riosca agus rannpháirtíocht an phobail	8.1 Comhordú cumarsáide maidir le riosca agus rannpháirtíocht an phobail	8.1.1 Sásraí a chur chun feidhme maidir le feidhmeanna agus acmhainní cumarsáide maidir le riosca agus rannpháirtíocht an phobail a chomhordú, lena n-áirítear bainistiú eipidéime faisnéise, ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 8.1.2 Foráil a dhéanamh maidir le comhordú leis an gCoiste Slándála Sláinte ar an gcumarsáid riosca agus géarchéime sa phlean cumarsáide
	8.2 Cumarsáid maidir le riosca	8.2.1 Plean cumarsáide riosca náisiúnta a bheith ann ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 8.2.2 Anailís a dhéanamh ar sprioclucht féachana agus ar bhealaí cumarsáide is fearr chun idirghabhálacha maidir le cumarsáid riosca a threorú 8.2.3 For-rochtain réamhghníomhach agus faireachán ar na meáin a chur san áireamh chun straitéisí maidir le cumarsáid riosca a choigeartú agus a fheabhsú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
	8.3 Rannpháirtíocht an phobail	8.3.1 Sásraí a bheith ann maidir le rannpháirtíocht chórasach an phobail agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ar gach leibhéal riaracháin 8.3.2 Na sásraí rannpháirtíochta pobail a thástáil agus a nuashonrú 8.3.3 Taighde sochiompraíochta a dhéanamh
9. Pointí iontrála agus sláinte teorann	9.1 Croí-acmhainneachtaí agus plean teagmhais	9.1.1 Croí-acmhainneachtaí gnáthaimh a chur chun feidhme, a thástáil agus a nuashonrú i ngach pointe iontrála le cur chuige a chuimsíonn gach gach guais agus atá ilearnálach 9.1.2 Croí-acmhainneachtaí gnáthaimh a chomhtháthú leis an gcóras náisiúnta faireachais 9.1.3 Pleananna teagmhasacha maidir le héigeandáil sláinte poiblí uileghuaiseach ag pointí iontrála a chur chun feidhme, a thástáil agus a nuashonrú 9.1.4 Ionstraimí a chur chun feidhme agus a thástáil go rialta chun faisnéis sláinte a bhaineann leis an taisteal a chomhroinnt agus a thuairisciú
	9.2 Bearta idirnáisiúnta a bhaineann leis an taisteal	9.2.1 Sásra a chur chun feidhme maidir le bearta idirnáisiúnta a bhaineann leis an taisteal a ghlacadh, a thástáil agus a nuashonrú ar gach leibhéal riaracháin 9.2.2 Cumarsáid leis an gCoiste Slándála Sláinte a chur san áireamh sula gcuirtear bearta chun feidhme
10. Galair zónóiseacha agus bagairtí de bhunús an chomhshaoil, lena n-áirítear galair mar gheall ar an aeráid	10.1 Cur chuige na hAon Sláinte Amháin	10.1.1 Cumais ilearnálacha na hAon Sláinte Amháin a bheith ann chun teagmhais zónóiseacha a chosc, a bhrath, a mheasúnú agus freagairt dóibh, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 10.1.2 Cláir oiliúna a chur chun feidhme do ghairmithe na hAon Sláinte Amháin maidir le zónóisí 10.1.3 Faisnéis a bheith ar fáil don phobal maidir leis na bearta cosanta pearsanta atá le leanúint sa chás go n-aimsítear ainmhithe fiáine atá breoite/marbh 10.1.4 Faireachas a dhéanamh ar ghalair zónóiseach tosaíochta comhaontaithe i gcomhar le hearnálacha sláinte ainmhithe, sláinte poiblí agus an chomhshaoil
	10.2 Bagairtí comhshaoil	10.2.1 Forálacha a chur san áireamh maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar ghalair zónóiseacha 10.2.2 Forálacha a chur san áireamh maidir leis na tionchair a bhíonn ag teagmhais adhaimsire ar an tsláinte phoiblí
11. Teagmhais cheimiceacha	11.1 Ullmhacht agus freagairt le haghaidh teagmhas ceimiceach	11.1.1 Plean ullmhachta agus freagartha i leith ceimiceán a chur chun feidhme, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 11.1.2 Nósanna imeachta maidir le measúnú ar riosca sláinte a chur san áireamh i gcás bagairt ar an tsláinte ó thionscnamh ceimiceach 11.1.3 Faireachas, measúnú agus bainistiú ar theagmhais cheimiceacha agus ar nimhiú/tocsaineacht a dhéanamh 11.1.4 Córas comhtháite faireachais sláinte poiblí a bheith ann atá nasctha le faireachán ar an gcomhshaol, a dhéanann sonraí maidir le neamhchosaintí ceimiceacha ó ilfhoinsí a ghabháil agus a mheasúnú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
B. ACMHAINNEACHTAÍ BREISE DE RÉIR RIALACHÁN (AE) 2022/2371		
12. Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM) agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte (HAInna)	12.1 Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM)	12.1.1 Plean gníomhaíochta náisiúnta a bheith ann maidir le FSFM, agus é costáilte agus cistithe go cuí, lena n-áirítear sásra rialachais nó comhordaithe ilearnálach na hAon Sláinte Amháin maidir le FSFM 12.1.2 Socruithe cuí faireacháin agus meastóireachta a bheith ann do phleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le FSFM, lena n-áirítear gach ceann de na spriocanna ábhartha a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais 12.1.3 Córais fheidhmiúla a bheith i bhfeidhm chun orgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí núíosacha nó tosaíochta a bhrath, a dheimhniú agus fógra a thabhairt fúthu go tapa (MDROnna) 12.1.4 Nósanna imeachta náisiúnta a bheith ann chun iompar MDRO a scagadh agus a thuairisciú tráth iontrála isteach san ospidéal 12.1.5 Treoirlínte maoirseachta frithmhiocróbacha a bheith curtha chun feidhme ag saoráidí cúram sláinte 12.1.6 Córas náisiúnta faireachais a bheith ann ar FSFM lena n-áirítear tuairisciú ar thomhaltas frithmhiocróbach agus (a) saotharlann/saotharlanna tagartha náisiúnta ainmnithe le haghaidh FSFM 12.1.7 Dúshláin a shainaithint maidir le haghaidh a thabhairt ar FSFM
	12.2 Ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte (HAInna)	12.2.1 Plean straitéiseach náisiúnta a chur chun feidhme maidir le faireachas ar HAInna, a ndéantar é a thástáil agus a nuashonrú go rialta 12.2.2 Cláir um ionfhabhtú a chosc agus a rialú a chur chun feidhme, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 12.2.3 Caighdeáin agus acmhainní náisiúnta a chur chun feidhme chun timpeallacht shábháilte a áirithiú i saoráidí sláinte ar gach leibhéal riaracháin, a ndéantar iad a thástáil agus a nuashonrú go rialta 12.2.4 Dúshláin a aithint maidir le haghaidh a thabhairt ar HAInna
13. Feidhmeanna comhordúcháin agus tacaíochta ar leibhéal an Aontais	13.1 Comhordú leis an gCoiste Slándála Sláinte agus rannpháirtíocht i bhfeidhmeanna tacaíochta	13.1.1 Ionadaí an Choiste Slándála Sláinte a ionchorprú i struchtúir chomhordúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus tacú leis an sreabhadh faisnéise idir an Ballstát agus an Coiste Slándála Sláinte 13.1.2 Feidhmeanna tacaíochta ar leibhéal an Aontais a ionchorprú agus/nó a chur san áireamh: tuairimí agus treoir ón gCoiste Slándála Sláinte maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte a chosc agus a rialú; moltaí an Choimisiúin maidir le comhbhearta sealadacha sláinte poiblí; moltaí ó ECDC maidir le freagairt do bhagairtí sláinte
14. Forbairt taighde agus meastóireachtaí chun faisnéis a fháil don ullmhacht éigeandála agus dlús a chur léi	14.1 Taighde i bpleananna ullmhachta agus freagartha coisc	14.1.1 Straitéis a chur san áireamh maidir le taighde agus nuálaíocht éigeandála, cistí a leithdháileadh agus a shlógadh agus acmhainneacht a neartú 14.1.2 Próiseas a bheith i bhfeidhm chun riachtanais sláinte poiblí a nascadh le tosaíochtaí agus riachtanais taighde 14.1.3 Taighde, nuálaíocht agus cumais a neartú

Acmhainneacht	Caighdeán	Critéir
	14.2 Nósanna imeachta taighde in éigeandálaí sláinte poiblí	14.2.1 Páirt a ghlacadh i líonraí láithreacha nó cohóirt trialach cliniciúla 14.2.2 Próisis a bheith i bhfeidhm chun prótacail agus bailiú sonraí a bhunú le linn éigeandálaí sláinte poiblí 14.2.3 Nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm maidir le mearchreidiúnú láithreáin agus maidir le comhordú brostaithe 14.2.4 Cur chuige a bheith ann maidir le taighde oibríochtúil (e.g. i nbun gnímh)
15. Gnéithe téarnaimh	15.1 Plean téarnaimh	15.1.1 Plean téarnaimh a bheith ann lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh agus iad a leabú i bplean gníomhaíochta náisiúnta 15.1.2 An próiseas téarnaimh a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air ar gach leibhéal riaracháin
16. Gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun feabhas a chur ar bhearnaí a aimsíodh i gcur chun feidhme na bpleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha	16.1 Plean gníomhaíochta agus straitéis náisiúnta maidir le feabhsú coisc, ullmhachta agus freagartha	16.1.1 Sásraí comhlántacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme acmhainneachtaí IHR agus pleanáil choisc, ullmhachta agus freagartha 16.1.2 Plean gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt atá ailínithe leis an rialtas ina iomláine agus le cur chuige uile-ghuaise na hAon Sláinte Amháin 16.1.3 Meastachán costais a dhéanamh ar an bpleanáil náisiúnta gníomhaíochta maidir le slándáil sláinte nó córas coibhéiseach agus é a chur chun feidhme